## 1. Cineál na seirbhíse agus na bprionsabal maidir le leanaí a chosaint ó dhíobháil:

Tá sé mar aidhm ag Coláiste Ráithín cabhrú le gach uile scoláire barr feabhais a bhaint amach i dtimpeallacht shona, shlán. Tacaímid le forbairt shóisialta, spioradálta, fhisiciúil, mhothúchánach agus acadúil an scoláire. Tá tiomantas do phrionsabail agus do dhualgais an Achta um Thús Áite do Leanaí, 2015 chomh maith le *Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta maidir le Cosaint agus Leas Leanaí 2017* lárnach chun timpeallacht shona, shlán a sholáthar. I dteannta sin, glacann an Bord Bainistíochta le *Nósanna Imeachta nua maidir le Cosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iarbhunscoileanna 2017* ón Roinn Oideachais agus cuirfidh sé é i bhfeidhm ina n-iomlán mar chuid den raiteas iomlán seo maidir le Cosaint Leanaí.

**Creidimid:**

**1.** go bhfuil ár dtosaíocht maidir le leas agus sábháilteacht gach leanbh agus duine óg a fhreastlaíonn ar ár scoil a áirithiú ríthábhachtach.

**2.** go meabhraíonn ár dtreoirphrionsabail agus ár nósanna imeachta maidir le cosaint leanaí agus daoine óga an beartas náisiúnta agus an reachtaíocht agus go ndéanfar athbhreithniú orthu gach re bliain.

**3.** go bhfuil cothrom na Féinne tuillte ag gach leanbh agus duine óg maidir leis an gceart freastal ar scoil, go mbíonn meas ag an scoil sin orthu mar dhuine aonair agus go spreagann an scoil iad ionas gur féidir leo barr feabhais a bhaint amach, beag beann ar an gcúlra atá acu.

**4.** go bhfuilimid tiomanta cearta gach leanbh agus duine óg a freastlaíonn ar ár scoil a chumhdach, lena n-áirítear an ceart a bheith choinnithe slán ó dhíobháil agus an ceart éisteacht a fháil.

**5.** go bhfuil feidhm ag ár dtreoirphrionsabail maidir le gach éinne inár n-eagraíocht.

**6.** nach mór dár n-oibrithe/dár n-oibrithe deonacha iad féin a iompar ar bhealach a léiríonn prionsabail ár n-eagraíocht.

**Is í Siobhán Nic Loinnsigh an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe (DIA)**
**Is í Michelle de Bhailís an Leas-Duine Idirchaidrimh Ainmnithe (LDIA)**

Aithníonn an Bord Bainistíochta go bhfuil cúrsaí um chosaint agus leas leanaí go smior i saol na scoile agus ní mór iad a léiriú i ngach polasaí, gach nós imeachta agus gach gníomhaíocht a bhaineann leis an scoil. Ar an dóigh sin, cloífidh an scoil leis na prionsabail a leanas maidir le dea-chleachtas um chosaint agus leas leanaí:

- Comhlíonfaidh sí na hoibleagáidí reachtúla faoin Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015 go huile is go hiomlán chomh maith le haon reachtaíocht cuí eile a bhaineann le cosaint agus leas leanaí;
- Comhoibreoidh sí leis na húdaráis reachtúla cuí maidir le cúrsaí a bhaineann le cosaint agus leas leanaí
- Glacfaidh sí le cleachtais shábháilteacha chun an dóchúlacht dhíobhála agus timpistí maidir le páistí a íoslaghdú agus oibrithe a chosaint ón ngá dul sa seans le rioscaí neamhriachtanacha a bhféadfadh iad a fhágáil leochaileach do chúisimh mí-úsáide nó faillí;
- Forbróidh sí an cleachtas de bheith ionraic le tuismitheoirí agus spreagfaidh sí na tuismitheoirí le bheith rannpháirteach in oideachas a leanaí; agus
- Tabharfaidh sí lán-urraim do cheanglais rúndachta maidir le dul i ngleic le cúrsaí cosanta leanaí.

Cloífidh an scoil leis na prionsabail thuas maidir le haon scoláire fásta le soghontacht speisialta chomh maith

**2. Measúnú Riosca**

Tugann *Tús Áite do Leanaí* sainmhíniú ar ceithre chatagóir de mhí-úsáid: faillí, mí-úsáid mothúchánach, mí-úsáid fisiciúil agus mí-úsáid gnéasach. Tá measúnú déanta againn ar aon acmhainn díobhála atá ann do pháiste a bhaineann leas as ár gcuid seirbhísí. Ta liosta na bhfearann ina bhfuil riosca aitheanta luaite thíos, chomh maith le liosta na nósanna imeachta ata ann leis na rioscaí sin a bhainistiú

| | **Riosca Sainaitheanta** | **Nós imeachta atá i bhfeidhm leis an riosca sainaitheanta a bhainistiú** |
|---|---|---|
| 1 | Earcú foirne | Tá nós imeachta earcaithe agus roghnaithe i bhfeidhm maidir le feiliúnacht an duine bheith ag obair le páistí/daoine óga agus feidhm aige ar gach oibrí (oibrí deonach nó aon oibrí eile) |
| 2 | Gníomhaíochtaí sa rang | Traenálfar gach ball foirne i dtuairisciú sainordaitheach líomhaintí mhí-úsáide chomh maith le tuairisciú aon ábhar imní i dtaca le bulaíocht líomhnaithe i measc na scoláirí |
| 3 | Gníomhaíochtaí idir ranganna | Déanfaidh an fhoireann feitheoireacht ar na scoláirí ag an mbriseadh agus traenálfar gach múinteoir agus ball foirne i dtuairisciú aon ábhar imní i dtaca le bulaíocht líomhnaithe i measc na scoláirí |
| 4 | Gníomhaíochtaí seachchuraclaim | Déanfar grinnfhiosrúchán ar gach ball foirne agus pearsanra seachtrach. Traenálfár pearsanra seachtrach i nósanna imeachta maidir le cosaint leanaí |

| | | |
|---|---|---|
| 5 | Turasanna scoile | Tabharfar eolas maidir leis na socruithe a bhaineann le cosaint leanaí do thuismitheoirí |
| 6 | Bainistiú foirne | Ta nósanna imeachta i bhfeidhm chun oibrithe (oibrithe deonacha nó aon oibrithe eile) a bhainistiú go héifeachtach |

## 3. Nósanna Imeachta

Forbraíodh ár Ráiteas um Chosaint Leanaí de réir na gceanglas faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015, *Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí (2017)*, agus *Cosaint Leanaí: Treoir maidir le Polasaí, Nós agus Cleachtas* ó Tusla. Chomh maith leis na nósanna imeachta atá liostaithe inár measúnú riosca, tacaíonn na nósanna imeachta seo a leanas lenár gcuspóir leanaí a chosaint agus iad ag baint leasa as ár seirbhís:

- Maidir le haon ball foirne atá faoi imscrúdú (is cuma cén cur síos atá air) de bharr aon ghníomh, easnamh nó dáil i leith leanbh atá ag freastal ar an scoil, cloíonn an scoil leis na nósanna imeachta cuí atá leagtha amach i gCaibidil 7 de *Nósanna Imeachta nua maidir le Cosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iarbhunscoileanna 2017* agus leis na nósanna imeachta cuí maidir le araíonacht d'fhoireann na scoile ar aontaíodh. Foilsíodh na nósanna imeachta sin ar shuíomh idirlín na Roinne Oideachais agus Scileanna.
- Maidir le hearcú foirne agus oiriúnacht na foirne sin a bheith ag obair le leanaí, cloíonn an scoil le ceanglais reachtúla grinnfhiosrúcháin na nAchtanna um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta) ó 2012 go 2016 agus leis an treoir maidir le dualgas cúraim níos leithne atá leagtha amach i gciorcláin earcaithe agus i gciorcaláin grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána atá foilsithe ag an Roinn Oideachais agus Scileanna agus ar fáil ar a suíomh idirlín.

- Maidir le faisnéis a sholáthar d'fhoireann na scoile agus, i gcás inarb iomchuí, treoir agus teagasc i leith sainaithniú go ndéanfar dochar (sainmhínithe in Acht 2015), déanann an scoil an méid seo a leanas -
  - Tugann sí cóip den Ráiteas um Chosaint Leanaí do gach ball foirne
  - Áirithíonn sí go dtabhafaí cóip den Ráiteas um Chosaint Leanaí do gach ball foirne nua
  - Spreagann sí gach ball foirne an deis a thapú tabhairt faoi oiliúint cuí
  - Spreagann sí comhaltaí an Bhoird Bainistíochta chun an deis a thapú tabhairt faoi oiliúint cuí
  - Coinníonn an Bord Bainistíochta taifid ar oiliúnt gach ball foirne agus gach comhalta den Bhord Bainistíochta

- Maidir le tuairisc d'ábhair imní a bhaineann le cosaint leanaí a thabhairt do Tusla, ní mór do gach ball d'fhoireann na scoile cloígh leis na nósanna

imeachta a leagtar amach in *Nósanna Imeachta nua maidir le Cosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iarbhunscoileanna 2017*, lena n-áirítear na nósanna imeachta maidir le tuairisciú faoi sainordú faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 i gcás múinteoirí cláraithe.

- Sa scoil seo, tá an DIA thuasluaite ceaptha ag an mBord mar an "duine iomchuí" (sainmhínithe san Acht um Thús Áite do Leanaí 2015) a bheidh mar an chéad pointe teagmhála maidir le ráiteas cosanta leanaí na scoile

- Is daoine faoi shainordú an Achta um Thús Áite do Leanaí, 2015, iad na múinteoirí cláraithe ar fad atá fostaithe ag an scoil.

Tá na nósanna imeachta ar fad atá liostaithe ar fáil trí iarratas.

## 4. Cur i bhFeidhm

Tá an ráiteas seo ar fáil d'éinne atá mar bhall de phobal Choláiste Ráithín.

Tugaimid dá n-aire gur phróisis leanúnach é cur i bhfeidhm an ráitis um Cosaint Leannaí seo agus go ndéanfar athbhreithniú air faoi cheann
1ú Márta 2020, nó a luaithe atá sé indéanta, i ndiaidh d'aon athruithe ábhartha a bheith déanta ar aon ábhar ar a dtagraíonn an ráiteas.